



An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026
(OR. en)

5431/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0015(NLE)

LIMITE

CORLX 80
CFSP/PESC 101
RELEX 60
COARM 12
COAFR 15
FIN 80

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh.
314/2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

RIALACHÁN (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004
maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/... ón gComhairle an ... lena leasaítear Cinneadh
2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib¹⁺,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don
Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L, ..., ELI:

⁺ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus dáta an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5219/26.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle² tugtar éifeacht do roinnt beart dá bhforáiltear le Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle³.
- (2) An ..., ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/...⁴⁺ lena mbaintear na forálacha maidir leis an toirmeasc taistil agus an reo sócmhainní, chomh maith leis an toirmeasc gaolmhar ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, agus lena leasaítear teideal Chinneadh 2011/101/CBES sin chun a léiriú nach n-áirítear sa chreat ach trádhbhac arm.
- (3) Tagann na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/101/CBES faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh 2011/101/CBES arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/...⁺⁺, go háirithe d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach sna Ballstáit uile a áirithiú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

² Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 55, 24.2.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/314/oj>).

³ Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6; ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2011/101\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2011/101(1)/oj)).

⁴ Cinneadh (CBES) 2026/... ón gComhairle an ... lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir agus dáta an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5219/26 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

⁺⁺ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5219/26.

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 an 19 Feabhra 2004 ón gComhairle a bhaineann le trádbhac arm i bhfianaise na staide sa tSiombáib’;

(2) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) scriostar pointí (b) go (e);

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(f) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ údaráis inniúla na mBallstát mar a shainithnítear iad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(g) ciallaíonn ‘maoiniú nó cúnamh airgeadais’ aon ghníomhaíocht, gan beann ar an modh sonrach a roghnaítear, trína n-eisíocann an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann, nó trína ngeallann sé go n-eisíocfaidh sé, go coinníollach nó go neamhchoinníollach, a chistí féin nó a acmhainní eacnamaíocha féin, lena n-áirítear deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí, urraíochtaí, bannaí, litreacha creidmheasa, creidmheasanna soláthraí, creidmheasanna ceannaitheora, réamhíocaíochtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus gach cineál árachais agus atharachais, lena n-áirítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin; ní hionann íocaíocht agus téarmaí agus coinníollacha íocaíochta an phraghais chomhaontaithe ar earra nó ar sheirbhís, arna déanamh i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas gnó, agus maoiniú ná cúnamh airgeadais íocaíocht;

- (h) ciallaíonn ‘críoch an Aontais’ críocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) maidir leo, faoi na coinníollacha a leagtar síos in CAE, lena n-áirítear a n-aerspás.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘Airteagal 2

1. Na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh* (‘an Liosta Comhchoiteann Míleata’), mar aon le hairm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha, agus armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, bídis de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar iad a dhíol le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSiombáib, agus ar iad a sholáthar dóibh, a aistriú chucu nó a onnmhairiú chucu, go díreach nó go hindíreach, agus beidh toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, lena n-úsáid sa tSiombáib.
2. Toirmiscfear an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) cúnadh teicniúil a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-ítimí dá dtagraítear i mír 1 a dheonú d’aon duine, eintiteas nó comhlacht sa tSiombáib, nó é a dhíol leo, a sholáthar dóibh nó a aistriú chucu, go díreach nó go hindíreach, nó an cúnadh sin a dheonú, a dhíol, a sholáthar nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, lena úsáid sa tSiombáib;
 - (b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-ítimí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’aon duine, eintiteas nó comhlacht sa tSiombáib, nó an maoiniú nó cúnadh airgeadais sin a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-úsáid sa tSiombáib;

- (c) páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh, go díreach nó go hindíreach, na hidirbhearta dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) a chur chun cinn.;

* Foilsíodh an leagan is déanaí in IO C, C/2025/1499, 6.3.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/1499/oj>.

** Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/258/oj>).

- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3

Toirmiscfead an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) trealamh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cos ar bolg inmheánach mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, bíodh sé de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, a dhíol, go feasach agus d'aon ghnó, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSiombáib, nó an trealamh sin a sholáthar dóibh, a aistriú chucu nó a onnmhairiú chucu, go feasach agus d'aon ghnó, go díreach nó go hindíreach, nó an trealamh sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go feasach agus d'aon ghnó, go díreach nó go hindíreach, lena úsáid sa tSiombáib;
- (b) cúnamh teicniúil a bhaineann leis an trealamh dá dtagraítear i bpointe (a) a dheonú, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSiombáib, nó an cúnamh sin a dhíol leo, a sholáthar dóibh nó a aistriú chucu, go díreach nó go hindíreach, nó an cúnamh sin a dheonú, a dhíol, a sholáthar nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, lena úsáid sa tSiombáib;

- (c) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis an trealamh dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSiombáib nó an maoiniú nó cúnamh airgeadais sin a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-úsáid sa tSiombáib; nó
- (d) páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh, go díreach nó go hindíreach, na hidirbhearta dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) a chur chun cinn.?’;
- (5) in Airteagal 4, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- ‘De mhaolú ar Airteagail 2 agus 3, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad an méid seo a leanas a údarú:
- (a) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú agus soláthar maoinithe nó cúnamh airgeadais agus cúnamh theicniúil a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- (i) trealamh míleata neamh-mharfach atá beartaithe le haghaidh úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, nó le haghaidh chláir forbartha institiúidí an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe;
- (ii) trealamh agus soláthairtí atá beartaithe le haghaidh oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.
- (b) trealamh a liostaítear in Iarscríbhinn I a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar trealamh é atá beartaithe d’úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, agus maoiniú nó cúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil a bhaineann leis na hidirbhearta sin a sholáthar.’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 2 agus 3 maidir le héadaí cosanta, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata, arna n-onnmhairiú go sealadach chuig an tSiombáib ag pearsanra na Náisiún Aontaithe, pearsanra an Aontais Eorpaigh nó a Bhallstát, ionadaithe na meán, agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra gaolmhar le haghaidh a n-úsáide pearsanta amháin.’;

(7) scriostar Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 7a;

(8) in Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):

‘(a) aon fhaisnéis a d’éascódh comhlíonadh an Rialacháin seo, soláthróidh siad láithreach í d’údaráis inniúla na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn II ina bhfuil cónaí orthu nó ina bhfuil siad lonnaithe, nó ar náisiúnach díobh iad, agus déanfaidh siad an fhaisnéis sin a tharchur, go díreach nó trí na húdaráis inniúla sin, chuig an gCoimisiún.’;

(9) scriostar Airteagal 9;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

1. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi na bearta a dhéantar faoin Rialachán seo agus roinnfidh siad aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i ndáil leis an Rialachán seo, go háirithe faisnéis faoin méid seo a leanas:
 - (a) údaruithe arna ndeonú faoi na maoluithe a leagtar amach sa Rialachán seo; agus
 - (b) sárú agus fadhbanna forfheidhmiúcháin agus breithiúnais arna dtabhairt ag cúirteanna náisiúnta.
2. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo.’;

(11) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘Airteagal 10a

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sonrúidh siad iad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar sheoltaí a suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoina n-údaráis inniúla, lena n-áirítear sonraí teagmhála na n-údarás inniúil sin, gan mhoill tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ar sonraí teagmhála na n-údarás inniúil sin ina dhiaidh sin.
3. I gcás ina leagtar amach leis an Rialachán seo ceanglas maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún, an Coimisiún a chur ar an eolas nó cumarsáid a dhéanamh leis ar shlí eile, is iad an seoladh agus na sonraí teagmhála eile a shonraítear in Iarscríbhinn II an seoladh agus na sonraí teagmhála atá le húsáid le haghaidh na cumarsáide sin.

Airteagal 10b

Ní dhéanfar aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Rialachán seo a úsáid ach chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas í agus chuige sin amháin.’;

- (12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

‘Airteagal 11

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinn II a leasú ar bhonn faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit.’;

- (13) scriostar Airteagal 11a;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

‘Airteagal 12

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla de réir mar is iomchuí, is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit foráil freisin maidir le bearta iomchuí chun go bhféadfar fáltais sáruithe den sórt sin a choigistiú.
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin dá dtagraítear i mír 1 gan mhoill tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ar na rialacha sin ina dhiaidh sin.’;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Airteagal 13

Beidh feidhm ag an Rialachán seo:

- (a) laistigh de chríoch an Aontais;
- (b) ar bord aon aerárthaigh nó soithigh faoi dhlínse Bhallstáit;
- (c) maidir le haon duine nádúrtha laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais ar náisiúnach Ballstáit é;

- (d) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit; agus
- (e) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach laistigh den Aontas.’;
- (16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn II:
- ‘Suíomhanna gréasáin le haghaidh faisnéis faoi na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 8 agus seoladh le haghaidh fógraí chuig an gCoimisiún Eorpach’;
- (17) scriostar Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*